2025/63

15.1.2025

MOLADH (AE) 2025/63 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Eanáir 2025

maidir le hinfheistíochtaí amach a athbhreithniú i réimsí teicneolaíochta atá ríthábhachtach i leith shlándáil eacnamaíoch an Aontais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac an Coimisiún agus an tArdionadaí Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch ([1]) ('an Straitéis') chun cur chuige straitéiseach cuimsitheach a chur ar bun maidir le slándáil eacnamaíoch.

(2) Tá an tAontas fós ar cheann de na cinn scríbe agus de na comhpháirtithe is tarraingtí le haghaidh cuideachtaí domhanda ([2]) agus is foinse mhór infheistíocht amach í. Tá an tAontas tiomanta fós do thimpeallacht infheistíochta oscailte. Mar sin féin, aithníodh sa Straitéis gurb amhlaidh, agus méadú ag teacht ar 'cásanna teannais domhanda agus an comhtháthú domhanda níos doimhne ná mar a bhí riamh roimhe, is féidir go mbeidh riosca ar ár slándáil ag baint le sreabha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe,' agus, san am céanna, go bhfuil 'athruithe domhanda teicneolaíochta ag cur le déine na hiomaíochta sin agus le castacht na ndúshlán eacnamaíochta agus slándála'.

(3) Sainaithnítear sa Straitéis raon dúshlán casta do shlándáil eacnamaíoch an Aontais agus a Bhallstát, rud a léiríonn go mbaineann na dúshláin sin le cuspóirí trádála, teicneolaíochta agus slándála a bhfuil freagairt chomhtháite bheartais ag teastáil ina leith. Nuair a rachfar i ngleic le rioscaí maidir leis an tslándáil eacnamaíoch, cuideoidh sin lena áirithiú go leanfaidh an tAontas dá ról mar cheannródaí teicneolaíochta, go mbeidh sé in ann a leasanna a chur chun cinn agus a chosaint agus go bhfreagróidh sé turraingí eacnamaíocha. Tá an Straitéis dírithe ar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú i gceithre chatagóir: athléimneacht slabhra soláthair, rioscaí maidir le slándáil fhisiceach agus cibearshlándáil bonneagar ríthábhachtach, rioscaí maidir le slándáil teicneolaíochta agus rioscaí maidir le sceitheadh teicneolaíochta; armáil spleáchas eacnamaíoch nó comhéigin eacnamaíoch.

(4) Tá dóchúlacht ann go mbeidh na rioscaí a eascraíonn as sceitheadh teicneolaíochta thar a bheith mór i gcás tacar cúng forbairtí dearfacha lenar féidir feabhas a chur ar chumas míleata agus bailithe faisnéise gníomhaithe a fhéadfaidh iad a úsáid chun an bonn a bhaint den tsíocháin idirnáisiúnta agus den tslándáil idirnáisiúnta. Níor cheart an sceitheadh sin a éascú le caipiteal, saineolas agus eolas an Aontais: agus tá infheistíocht amach ón Aontas i gceist sa mhéid sin chomh maith.

(5) Chun cabhrú lena mheasúnuithe ar na rioscaí maidir le sceitheadh teicneolaíochta a bhaineann le hinfheistíocht amach, bunaigh an Coimisiún i mí Iúil 2023 Grúpa Saineolaithe maidir le hInfheistíocht Amach ina bhfuil saineolaithe de chuid an Choimisiúin agus saineolaithe de chuid na mBallstát ('an Grúpa Saineolaithe') ([3]) agus tá an grúpa sin ag scrúdú na saincheisteanna a bhaineann leis an riosca go sceithfear teicneolaíocht ríthábhachtach agus fios gnó ríthábhachtach as an Aontas chuig tríú tíortha d'aon ghnó nó de thaisme i gcomhthéacs na n-infheistíochtaí amach.

(6) Go comhthreomhar, sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla (AE) 2023/2113, shainaithin an Coimisiún deich réimse teicneolaíochta le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit ([4]). Tar éis eisiúint an Mholta sin, lainseáil an Coimisiún measúnuithe riosca doimhne comhchoiteanna leis na Ballstáit ar roinnt de na réimsí teicneolaíochta a sainaithníodh ann. Beidh torthaí na measúnuithe sin ina mbonn eolais ag cur chuige an Aontais maidir le hinfheistíocht amach, cur chuige ar féidir go bhforbróidh sé de réir na tuisceana níos doimhne ar na rioscaí.

([1]) Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir leis 'an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch', (JOIN(2023) 20 final).

([2]) Tabhair faoi deara le do thoil go n-úsáidtear na téarmaí cuideachta, gnóthas, gnó agus gnólacht ar bhealach inmhalartaithe sa mholadh seo.

([3]) Clár de Shainghrúpaí an Choimisiúin, Cód E03911.

([4]) Moladh (AE) 2023/2113 ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais le haghaidh measúnú riosca breise leis na Ballstáit (IO L, 2023/2113, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2023/2113/oj).

(7) Deimhníodh le hobair an tSainghrúpa nach ndéanann na Ballstáit sonraí a bhailiú go córasach faoi láthair maidir le hidirbhearta infheistíocht amach aonair agus nach ndéanann siad athbhreithniú ar infheistíochtaí den sórt sin ar bhealach lena bhféadfaí rioscaí slándála a shainaithint nó a mheasúnú. Dá bhrí sin, ba cheart tús áite a thabhairt do dhúnadh na bearna eolais atá ann faoi láthair trí athbhreithniú córasach a dhéanamh ar infheistíochtaí amach ón Aontas a dhéanann na Ballstáit chun go ndéanfar plé beartais eolasach, bunaithe ar fhíorais.

(8) Baineann roinnt dúshlán le socrú raon na n-ábhar imní is féidir a bheith ann faoin infheistíocht amach. Ar na dúshláin tosaigh tá méid agus cineál na n-infheistíochtaí amach ón Aontas a thuiscint, sonraí agus fianaise ábhartha a bhailiú, agus measúnú a dhéanamh féachaint an gcruthaíonn siad nó an méadaíonn siad rioscaí comhchoiteanna so-shainaitheanta maidir tslándáil. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, is gá léargas a fháil ar na hidirbhearta aonair ábhartha, ar an teicneolaíocht agus ar an bhfios gnó a bhaineann leo, agus, i gcás inarb ábhartha, anailísiú a dhéanamh ar shonraí earnálacha agus ar threochtaí infheistíochta. Ba cheart go gcuirfí an fhaisnéis is gá maidir le hinfheistíochtaí amach i dtacar cúng na réimsí teicneolaíochta ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún trí bhíthin an athbhreithnithe ar bhearta aonair.

(9) Ar bhonn na faisnéise a bheidh bailithe, ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit a mheas an bhfuil aon riosca ann maidir leis tslándáil eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíochtaí amach agus aon bhearnaí i mbeartais an Aontais atá ann cheana a shainaithint, lena n-áirítear rioscaí agus bearnaí a bhaineann le rialuithe trádála agus infheistíochta maidir leis na rioscaí slándála sin a shainaithint agus a mhaolú. Ba cheart go gcuideodh sin lena dhéanamh amach an bhfuil gá le léargas níos doimhne i réimsí áirithe teicneolaíochta, agus freagairtí comhréireacha spriocdhírithe a dhearadh chun rioscaí sainaitheanta a mhaolú le huirlisí atá ann cheana nó le hionstraimí nua ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais.

(10) Chun an próiseas sin a bhfuil tuairisc air thuas a lainseáil, d'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Bán maidir le hinfheistíocht amach ([5]) i mbliana ina raibh tuairisc ar obair thosaigh an Aontais ar an ábhar sin. Bhí sé d'aidhm ag an bPáipéar Bán barúlacha a lorg ó pháirtithe leasmhara chun cuidiú leis an gCoimisiún raon feidhme Molta ón gCoimisiún is féidir a bheith ann maidir le hinfheistíocht amach a shainiú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

(11) Ina thaca leis an bPáipéar Bán bhí comhairliúchán poiblí chun ionchur struchtúrtha agus tuairimí faoin gcur chuige a bhain leis a fháil ([6]). Bhí na freagróirí ar an gcomhairliúchán sin ar aon intinn go bhfuil gá ann measúnú a dhéanamh ar rioscaí is féidir a bheith ann maidir le hinfheistíochtaí amach. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag leanúint dá chur chuige de réir a chéile sa Mholadh seo agus tá sé ag leagan amach raon comhchoiteann chun an t-athbhreithniú agus an measúnú riosca a struchtúrú, agus déanfaidh na Ballstáit, ina cheann agus ina cheann, mionsonraí an chur chun feidhme a shocrú de réir na dálaí sonracha a bhaineann leo féin.

(12) Maidir leis na réimsí teicneolaíochta a sainaithníodh i Moladh ón gCoimisiún (AE) 2023/2113,, agus ar bhonn na hoibre leis an nGrúpa Saineolaithe, leis na freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí agus leis an ualach riarachán ar na Ballstáit agus ar chuideachtaí, ba cheart an t-athbhreithniú agus an measúnú riosca a dhéanfaidh na Ballstáit a bheith dírithe ar ard-leathsheoltóirí, ar an intleacht shaorga, agus ar theicneolaíochtaí candamacha ós iad a sainaithníodh mar na táirgí is dócha a mbainfidh na rioscaí is mó leo ó thaobh sceitheadh teicneolaíochta trí infheistíocht amach de.

(13) Maidir le cineál na mbeart infheistíocht amach, ba cheart raon leathan idirbheart a chumhdach san athbhreithniú, agus idirbhearta nach dócha go dtabharfar deis leo ná go n-éascófar leo forbairt nó tarchur teicneolaíochtaí ríthábhachtacha nó fios gnó a fhágáil as an áireamh san am céanna.

(14) Maidir leis an gcumhdach geografach, ba cheart an t-athbhreithniú a bheith 'neodrach ó thaobh tíre de' agus níor cheart cinn scríbe shonracha a fhágáil as an áireamh iontu *a priori*. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a ngníomhaíochtaí athbhreithniúcháin a chur in ord tosaíochta de réir próifílí riosca tíortha aonair. Ba cheart na próifílí riosca a chomhordú le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún agus ba cheart, nuair is iomchuí, taifead iompair na tíre lena mbaineann, lena n-áirítear sáruithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe, a chur san áireamh sna próifílí sin.

(15) Leis an athbhreithniú a dhéanfar de réir an Mholta seo, ba cheart a dhéanamh amach freisin an gcuireann infheistíochtaí amach ón Aontas chuig tríú tíortha dlús le forbairt rathúil teicneolaíochtaí criticiúla nó an méadaíonn siad an fhorbairt sin i dtíortha a d'fhéadfadh na teicneolaíochtaí sin a úsáid chun cumais slándála an Aontais, a Bhallstát agus tíortha eile a chomhrac nó a shárú, nó chun an bonn a bhaint den tsíocháin agus den tslándáil idirnáisiúnta.

([5]) COM(2024) 24 final.

([6]) https://policy.trade.ec.europa.eu/consultations/monitoring-and-risk-assessment-outbound-investment_en?prefLang=ga.

(16) De bharr thoradh an mheasúnaithe riosca atá le déanamh ag na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, ba cheart an deis a bheith ann comhthuiscint a fháil ar rioscaí, faoi chuimsiú an Ghrúpa Saineolaithe. Beidh an plé laistigh den Ghrúpa Saineolaithe ina phointe tagartha úsáideach le haghaidh aon roghanna beartais eile agus cuideoidh sé lena dhéanamh amach an bhfuil gá le bearta maolaitheacha. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go ndéanfar faisnéis íogair a chomhroinnt, a shábháil agus, i gcás inar gá, a aicmiú ar bhealach slán chun áirithiú go mbeidh an leibhéal cosanta is gá ann.

(17) Leis an Moladh seo, ní dhéantar réamhbhreith ar thoradh na measúnuithe riosca sin, ná ar an ngá atá le bearta a dhéanamh a bheidh dírithe ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú. Aon togra ina dhiaidh sin a d'fhéadfadh a bheith ann chun gníomhaíochtaí a mhaolú chun an tslándáil eacnamaíoch a chosaint, déanfaidh siad forbairt ar na measúnuithe sin. Ba cheart gach freagairt a bheith comhréireach agus spriocdhírithe go beacht chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí arna sainaithint le haghaidh gach cineál infheistíochta nó gníomhaíochta amach agus réimse teicneolaíochta criticiúla.

(18) Molann an Coimisiún do na Ballstáit dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear lucht gnó, an saol acadúil agus an tsochaí shibhialta mar chuid dá ngníomhaíocht athbhreithniúcháin, chun léargas iomlán a fháil ar an timpeallacht infheistíochta agus ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun go mbeidh siad in ann gníomhú ar mhaithe le saoránaigh agus cuideachtaí an Aontais.

(19) Is cleachtaí a bhfuil teorainn ama leo iad an t-athbhreithniú agus na measúnuithe riosca atá beartaithe sa Mholadh seo a dhéanfar chun cuidiú le freagairtí beartais iomchuí a mhúnlú,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

1. **Raon feidhme na dteicneolaíochtaí atá le hathbhreithniú**

Ba cheart do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíochtaí amach a bhaineann leis na réimsí teicneolaíochta seo a leanas a bhfuil plé orthu thuas:

(a) Teicneolaíochtaí leathsheoltóra, mar atá aon teicneolaíocht nó fios gnó a bhaineann leis an méid seo a leanas:

i. dearadh ciorcad iomlánaithe agus leathsheoltóirí eile ([7]), lena n-áirítear croíleacán leathsheoltóra maoine intleachtúla gaolmhar;

ii. bogearraí dearaidh leictreonaigh uathoibrithe chun ciorcaid iomlánaithe agus leathsheoltóirí eile a dhearadh, nó chun ardphacáistíocht a dhearadh;

iii. monarú tosaigh ciorcad iomlánaithe agus leathsheoltóirí eile;

iv. cóimeáil, tástáil agus pacáistiú ciorcad iomlánaithe agus leathsheoltóirí eile, lena n-áirítear ardchláir ciorcad phriontáilte agus ardphacáistíocht;

v. trealamh monaraithe leathsheoltóirí, le haghaidh monarú tosaigh agus monarú cúil ciorcad iomlánaithe agus leathsheoltóirí eile, lena n-áirítear eitseáil, leagan síos, eipealuadair, liteagrafaíochta, ardphacáistíocht, uirlisí tástála nó méadreolaíochta;

vi. croí-chomhpháirteanna nó bogearraí trealaimh monaraithe leathsheoltóirí;

vii. ábhair a úsáidtear i monarú ciorcad iomlánaithe agus leathsheoltóirí eile, go háirithe ceimiceáin speisialtachta, triathgháis, ábhair leathsheoltóra, foshraitheanna nó sliseoga.

(b) Teicneolaíochtaí intleachta saorga ('IS'), mar atá aon teicneolaíocht nó fios gnó a bhaineann le córas meaisínbhunaithe atá deartha chun oibriú ar leibhéil éagsúla neamhspleáchais agus a d'fhéadfadh oiriúnaitheacht a thaispeáint tar éis a himscartha, agus, ar chuspóirí sainráite nó intuigthe, a infeiríonn, ón ionchur a fhaigheann sí, conas aschuir a ghiniúint amhail tuartha, inneachar, moltaí, nó cinntí ar féidir leo tionchar a imirt ar thimpeallachtaí fisiceacha nó fíorúla ('córas IS'), a úsáidtear le haghaidh na bhfeidhmchlár seo a leanas:

i. córais intleachta saorga ghiniúnacha a oiltear le níos mó ná 10^25 FLOPS (oibríochtaí snámhphointe);

ii. córais intleachta saorga ghiniúnacha atá oilte go pointe suntasach ar shonraí bhitheolaíocha/ géanómaíocha, nó atá deartha lena n-úsáid i gcomhthéacs bith-theicneolaíoch, spáis nó cosanta.

([7]) Ina gcuid den choincheap 'ciorcaid chomhtháite agus leathsheoltóirí eile' tá micreaphróiseálaithe, próiseálaithe grafacha, micririalaitheoirí, sliseanna loighce, sliseanna cuimhne, sliseanna radaimhinicíochta, sliseanna fótónaice, sliseanna analógacha, sliseanna candamacha, leathsheoltóirí optúla, leathsheoltóirí cumhachta, comhpháirteanna scoite agus braiteoirí/micreachórais, ach níl sé teoranta dóibh sin amháin.

(c) Teicneolaíochtaí leathsheoltóra, mar atá aon teicneolaíocht nó fios gnó a bhaineann leis an méid seo a leanas:

i. ríomhaireacht chandamach;

ii. cumarsáid chandamach;

iii. brath candamach.

2. **Raon feidhme na mbeart atá le hathbhreithniú**

Ba cheart do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíochtaí amach ([8]) a rinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe san Aontas ('infheisteoirí AE') chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh a bhaineann le réimse teicneolaíochta a shainítear i bpointe 1 i dtríú tír, amhail:

(a) fáil cuideachta nó scaire i gcuideachta lenar féidir a bheith rannpháirteach go héifeachtach i mbainistíocht nó rialú na cuideachta ('fáil');

(b) ionsú cuideachta eile amháin nó níos mó a rinne cuideachta amháin nó comhcheangal dhá chuideachta nó níos mó chun cuideachta nua a chruthú ('cumasc');

(c) aistriú sócmhainní inláimhsithe nó doláimhsithe de réir socrú conarthach, lena n-áirítear maoin intleachtúil nó fios gnó sonrach, ar acmhainní iad a bhfuil gá leo chun gníomhaíocht eacnamaíoch a bhunú nó a choinneáil ar bun i gcás inar cuid inaitheanta iad sin d'oibríochtaí gnó gnóthais, cé is moite d'aistriú táirgí nó bogearraí dé-úsáide aonair faoi réir Rialachán (AE) 2021/821 maidir le dé-úsáid ([9]) nach cuid d'earraí nó seirbhísí níos leithne eile iad ('aistriú sócmhainní');

(d) bunú gnó den chéad uair, lena n-áirítear fochuideachta, brainse nó fiontair chomhchosúla a chruthú ('infheistíocht i láithreán úrnua');

(e) bunú fiontair a mheascann acmhainní chun comhsprioc fiontraíochta a bhaint amach le duine eile nó infheistíocht sa chineál sin fiontair ('comhfhiontar');

(f) soláthar caipitil atá nasctha le sochair dholáimhsithe áirithe amhail cúnamh bainistíochta, rochtain ar líonraí infheistíochta agus tallainne, rochtain ar an margadh agus rochtain fheabhsaithe ar mhaoiniú breise ('caipiteal fiontair'), má tá saineolas ag an infheisteoir de chuid an Aontais nó má d'infheistigh sé roimhe sin i ngnólachtaí a dhéanann aon cheann de na trí réimse teicneolaíochta a shainaithnítear i bpointe 1 a úsáid nó a fhorbairt.

Ba cheart infheistíochtaí neamh-urlámhais atá teoranta do thoradh ar chaipiteal infheistithe a lorg a fhágáil ar lár san athbhreithniú.

Ba cheart infheistíochtaí (indíreacha) eile atá déanta ag infheisteoir an Aontais a chumhdach freisin leis an athbhreithniú, amhail infheistíochtaí a rinneadh trí eintiteas tríú tíortha a úsáidtear mar mheán infheistíochta, trí fhochuideachta atá ann cheana nó i gcomhthéacs comhfhiontair atá ann cheana le cuideachta ó thríú tír nó i dtríú tír. Ina gcuid de sin tá sócmhainní a aistriú de réir a chéile thar achar ama, ach go ndearnadh iad le linn na tréimhse athbhreithnithe, agus infheistíochtaí atá dírithe ar rialuithe trádála agus infheistíochta a bhaineann leis an tslándáil atá ann cheana a shárú nó dul timpeall orthu (chomh maith le bearta aonair spriocdhírithe), lena n-áirítear bearta sriantacha an Aontais de bhun Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Ba cheart idirbhearta nua agus idirbhearta leanúnacha a chumhdach san athbhreithniú chomh maith le hidirbhearta a críochnaíodh ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann ach féadfar, i gcásanna ina sainaithneoidh na Ballstáit idirbhearta ar ábhar imní ar leith iad, gníomhaíochtaí a rinneadh roimh an dáta sin a chumhdach leis freisin.

3. **Uirlisí athbhreithniúcháin agus malartú le páirtithe leasmhara**

(a) Ba cheart do na Ballstáit córas leordhóthanach athbhreithniúcháin a bhunú lena bhféadfar foráil a dhéanamh maidir le soláthar deonach nó éigeantach faisnéise faoi idirbhearta. Ba cheart dóibh smaoineamh ar shásraí atá ann cheana a oiriúnú chun críoch na ngníomhaíochtaí athbhreithnithe a leagtar amach sa Mholadh seo.

(b) Moltar do na Ballstáit dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear lucht gnó, lucht léinn agus an tsochaí shibhialta mar chuid dá ngníomhaíocht athbhreithnithe.

([8]) Ní áirítear leis an téarma infheistíocht gníomhaíochtaí amhail iasachtú bainc, imréiteach, íocaíochtaí a sheoladh, frithghealladh, seirbhísí rátála fiach, príomhbhróicéireacht, coimeád domhanda, taighde nó anailísiú cothromais agus seirbhísí eile atá tánaisteach d'idirbheart.

([9]) Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj).

4. **Faisnéis le bailiú**

(a) Ba cheart do na Ballstáit faisnéis leordhóthanach a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as idirbhearta agus gníomhaíochtaí éagsúla, agus as na heintitis lena mbaineann.

(b) Ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a), ba cheart an méid seo a leanas a áireamh:

i. Na páirtithe san idirbheart infheistíochta, lena n-áirítear ionad iomlán corpraithe na ndaoine dlítheanacha agus (bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil don Bhallstát) úinéir deiridh (úinéirí deiridh) aon pháirtí a bhfuil baint aige/aici leis an idirbheart agus a dtír tionscnaimh;

ii. cineál agus garluach na hinfheistíochta, lena n-áirítear an sciar de cheannach scaireanna cothromais (más fáil atá i gceist) agus cearta vótála agus cinnteoireachta gaolmhara;

iii. na táirgí, na seirbhísí agus na teicneolaíochtaí a mbaineann an infheistíocht leo;

iv. aon socrú conarthach maidir le taighde agus forbairt, ceadúnú maoine intleachtúla agus gluaiseacht phríomhbhall foirne mar chuid den infheistíocht;

v. an dáta atá sé beartaithe go mbeidh infheistíocht críochnaithe faoi nó an dáta críochnaíodh í;

vi. faisnéis faoi idirbhearta a rinne na páirtithe san idirbheart infheistíochta roimhe sin agus faoi na hidirbhearta atá fógartha;

vii. faisnéis faoi chistiú poiblí arna sholáthar don eintiteas infheistíochta ag an Aontas nó ag Ballstát a bhaineann go sonrach leis na réimsí teicneolaíochta atá i gceist.

(c) Ba cheart aon sonraí a bailíodh a chosaint go hiomchuí agus, i gcás inar gá, iad a aicmiú sula gcomhroinnfear iad leis an gCoimisiún nó le Ballstáit eile.

5. **Measúnú riosca**

I gcás gach idirbhirt atá faoi athbhreithniú, ba cheart do na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, an measúnú riosca a dhéanamh mar a leagtar amach sa phointe seo chun a shainaithint cé acu atá nó nach bhfuil rioscaí ann maidir leis tslándáil eacnamaíoch.

(a) Ba cheart measúnú cáilíochtúil cás ar chás ar na hidirbhearta agus ar na gníomhaíochtaí a bheith sa mheasúnú riosca, agus tosaíocht á tabhairt dóibh siúd a bhfuil an tionchar is mó agus is dóchúla a d'fhéadfadh a bheith acu ar an tslándáil eacnamaíoch, lena n-áirítear, nuair is ábhartha, rannpháirtíocht na cuideachta i dtionscadail nó i gcláir de chuid an Aontais.

(b) Ba cheart gnéithe rioscaí agus leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint sa mheasúnú riosca, go háirithe iad siúd bhaineann le sceitheadh teicneolaíochta, amhail na príomhchineálacha bagairtí agus gníomhaithe bagartha agus aon tosca geopholaitiúla, amhail patrúin stairiúla éadála teicneolaíochta, atá ábhartha i leith measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go n-imreofar tionchair dhiúltacha ar an tslándáil eacnamaíoch.

(c) Ba cheart na gnéithe seo a leanas, *inter alia*, a chur san áireamh sa mheasúnú riosca:

i. i gcomhthéacs an idirbhirt;

ii. leibhéal aibíochta reatha na teicneolaíochta;

iii. infhaighteacht na teicneolaíochta sa tír a bhfuil an infheistíocht dírithe uirthi;

iv. slabhra luacha agus slabhra soláthair na teicneolaíochta lena mbaineann;

v. éabhlóid na rioscaí chomh maith le forbairtí teicneolaíochta agus cásanna úsáide ábhartha;

vi. idirnascacht dhomhanda éiceachóras na teicneolaíochta criticiúla lena mbaineann, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde;

vii. nuair is ábhartha go sonrach do na réimsí teicneolaíochta, rannpháirtíocht na cuideachta i dtionscadail nó i gcláir an Aontais.

(d) Ba cheart do na Ballstáit modheolaíocht chomhchoiteann a leanúint atá le forbairt leis an gCoimisiún faoi chuimsiú an Ghrúpa Saineolaithe.

6. **Tuairisciú chuig an gCoimisiún agus chuig Ballstáit eile**

Faoi chuimsiú an Ghrúpa Saineolaithe, ba cheart do na Ballstáit malartú a dhéanamh go tráthrialta ar dhul chun cinn an athbhreithnithe agus ba cheart dóibh nuashonrú ar dhul chun cinn a gcuid oibre a sholáthar don Choimisiún faoin 15 Iúil 2025. Faoin 30 Meitheamh 2026 ba cheart do na Ballstáit tuarascáil chuimsitheach a thabhairt don Choimisiún agus do Bhallstáit eile ar chur chun feidhme an Mholta seo, lena n-áirítear toradh an athbhreithnithe agus an mheasúnaithe riosca.

Má shainaithnítear rioscaí, ba cheart do na Ballstáit mionsonraí a chur ar fáil don Choimisiún maidir leis na teaglamaí fachtóirí riosca lena léirítear infheistíochtaí amach ar dócha go ndéanfaidh siad difear don tslándáil eacnamaíoch.

Le linn na tréimhse sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún leanúint d'fhaisnéis a mhalartú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus leis na rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint ([11]) (i gcás inarb infheidhme) agus de mheasúnuithe faoi chuimsiú an Ghrúpa Saineolaithe a mhalartú, lena n-áirítear faisnéis faoi na hidirbhearta aonair a bheidh á n-athbhreithniú ag na Ballstáit chun críche an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear i bpointe 5.

7. **Conclúidí ón athbhreithniú**

Ar bhonn na faisnéise a chomhroinnfear sa tuarascáil dá dtagraítear i bpointe 6, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún toradh an chleachtaidh sin a phlé chun comhthuiscint ar rioscaí sa Ghrúpa Saineolaithe a bhaint amach.

8. **Údaráis na mBallstát**

Ba cheart do na Ballstáit Pointe Teagmhála Aonair a ainmniú a bheidh freagrach as teachtaireachtaí maidir le haon ghníomhaíocht leantach ar an Moladh seo. I gcás inarb iomchuí, ba cheart dóibh údarás náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú a bheidh freagrach as an athbhreithniú atá molta ar idirbhearta infheistíocht amach agus a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis náisiúnta sin, i gcás inar féidir, ionstraimí atá ann cheana i bhfeidhm, lena n-áirítear rialuithe onnmhairiúcháin dé-úsáide, chun cur i gcoinne aon riosca a shainaithin siad san athbhreithniú a leagtar amach sa Mholadh seo. Ba cheart dóibh sonraí na bpointí teagmhála aonair agus na n-údarás ainmnithe a thabhairt don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 15 Márta 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Maroš ŠEFČOVIČ
Comhalta den Choimisiún

([10]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE, (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([11]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj).